

Tidy Towns Competition 2007

Adjudication Report

Centre: **Ceann Tragha** Ref: **330**
County: **Kerry** Mark: **218**
Category: **A** Date(s): **25/06/2007**

	Maximum Mark	Mark Awarded 2007
Overall Development Approach	50	32
The Built Environment	50	32
Landscaping	50	26
Wildlife and Natural Amenities	50	21
Litter Control	50	31
Waste Minimisation	20	6
Tidiness	30	14
Residential Areas	40	25
Roads, Streets and Back Areas	50	24
General Impression	10	7
TOTAL MARK	400	218

Overall Development Approach:

Tá fáilte mhór roimh Cheann Trá chuig Comórtas na mBailte Slachtmhara 2007 agus ba mhór an cuidiú bhur n-iarratas comhlánaithe lá an bhreithnithe. Tá sé tábhachtach, áfach, léarscáil a chur isteach gach bliain a thabharfaidh mionsonraí ar na réimsí ar tháinig feabhas orthu agus go deimhin ar thionscadail atá beartaithe don am atá le teacht. Is rud inmholta é go n-oibríonn bhur gcoiste leis an gComhairle Chontae, le FÁS, le hÚdarás na Gaeltachta srl. Caithfidh sé gur mór an cuidiú daoibh an cúnamh a thugann leanaí scoile maidir le bailiúcháin bhruscair!

The Built Environment:

Is iad Oifig an Phoist, an Scoil Náisiúnta, an Ventry Inn agus Thady's príomhghnéithe na timpeallachta foirgnithe i gCeann Trá. Bhí gach ceann acu sin néata, slachtmhar agus bhí dea-chuma orthu lá an bhreithnithe. Cuireann an iliomad ballaí cloiche le carachtar Cheann Trá agus tá caoi mhaith orthu den chuid is mó – ba chóir an chuid bhriste den bhalla taobh thiar den teileafón poiblí a dheisiú roimh an bhliain seo chugainn. Beifear ag súil le bhur bpleananna maidir le saoráidí breise a fhorbairt laistigh den sráidbhaile sna blianta amach romhainn agus, gan dabht, cuirfidh siad go mór le Ceann Trá.

Landscaping:

Tá an t-ádh dearg ar Cheann Trá go bhfuil sé suite i gceantar atá lán le háilleacht nádúrtha. Is gné oiriúnach de na bóithre isteach é an tírdhreachú nádúrtha, a tharraingíonn aird ar fhaiche an tsráidbhaile agus a chuireann léi. Bhí an fhaiche féin dea-ghearrtha.

Wildlife and Natural Amenities:

Is iomaí gné ardchaighdeáin atá ag Ceann Trá maidir lena thimpeallacht nádúrtha. Tá áiteanna áille de

bhláthanna fiáine ar thaobhanna go leor bóithre, rud a shéimhíonn an tírdhreach garbh. Tugadh faoi deara na comharthaí do Shlataiscaireacht Chladaigh agus do Thrá Cheann Trá. Moltar bhur gcomhoibriú leanúnach le feirmeoirí áitiúla.

Litter Control:

Bhí an smacht ar bhruscar sa sráidbhaile réasúnta maith lá an bhreithnithe. Chonacthas cúpla píosa fánach ar an mbóthar isteach go dtí an Daingean agus ar an mbóthar isteach chuig an bhforbairt chónaitheach bheag atá in aice na scoile. Bhí an trá saor ó bhruscar ach bhí roinnt mhaith bruscair i bhfostú ag bun na n-aillte.

Waste Minimisation:

Tugadh suntas don bhanc tabhartha in aice pháirc na gcarbhan agus bhí cuma glan den scoth air. Tá an obair a dhéanann sibh le leanaí scoile sa réimse seo le moladh. Nuair a chríochnaíonn sibh bailiúcháin bhruscair agus mórglanadh ar an trá an ndéanann sibh an dramhaíol a scagadh lena athchúrsáil?

Tidiness:

Táimid sásta a thabhairt ar aird gur chabhraigh breithiúnas na bliana seo caite le bhur bpleanáil do 2007! Mar sin féin, is í an phríomhfhadhb atá i gCeann Trá fós ná fiailí ar an bpríomhbhóthar, ar na cúlbhóithre agus feadh na gcosán. Ba chóir dromchla nua a chur ar na carrchlósanna éagsúla sa sráidbhaile. Laghdódh sé sin an fhadhb go mór agus bheadh cuma i bhfad níos slachtmhara ar an sráidbhaile.

Residential Areas:

Bhí an teach cónaithe trí stór suntasach buí agus gorm dea-phéinteáilte. Thaitin an sraith neamhscoite tithe in aice leis an Ventry Inn go mór linn, chomh maith leis na Tithe Saoire. Bhí Seaside Haven B&B go hálainn le meascán breá de phlandáil bhuan agus bláthanna ceapaigh.

Roads, Streets and Back Areas:

Tá an obair leanúnach a dhéanann sibh chun na ballaí cloiche a chothabháil le moladh, mar is cuid lárnach iad den chuma a bhíonn ar na bóithre agus, go deimhin, ar thimpeallacht fhoirgnithe an sráidbhaile. Tá sé an-thábhachtach fiailí a bhaint ó chosáin agus ó cholbhaí an bhóthair chun cur le dea-chuma shráidbhaile ar bith agus ní mór aird a thabhairt ar an gceist seo i gCeann Trá.

General Impression:

Tá meascán de chónaitheoirí buana agus cuairteoirí sealadacha i gCeann Trá agus is iomaí rud a chuireann sé ar fáil dóibh, go háirithe maidir le taitneamhachtaí nádúrtha. Beifear ag súil go mór leis an aidhm atá agaibh na saoráidí atá ann cheana féin a chothabháil agus cinn nua a fhorbairt, sna blianta amach romhainn.